Cruinniú Aireachta maidir le Teangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhfhorleathana

20 Deireadh Fómhair 2023, Geirsí

Ráiteas

Inniu thionóil Comhairle na Breataine-na hÉireann (CBÉ) Cruinniú Aireachta do Theangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhfhorleathana (DMN) a d'óstáil Rialtas Gheirsí. Roimh Chruinniú na nAirí, ghlac Airí agus oifigigh páirt in imeacht a bhain le Polasaí Gheirsí d'Oideachas Teanga.Tá liosta iomlán de na rannpháirtithe Aireachta sa cheangaltán.

Plé ar Ghníomhaíocht Earnáil Oibre

Phléigh na hAirí Tuarascáil Bheartais 2023 ar Earnáil Oibre na dTeangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhfhorleathana ina leagtar amach an obair a rinne oifigigh le blianta beaga anuas. Ghabh na hAirí buíochas leis na hoifigigh as na páipéir a chur ar fáil, agus chomhaontaigh siad gur léirigh siad a luach do gach Riarachán Baill a ghlacann páirt san earnáil oibre. Le linn plé a dhéanamh, leag na hAirí béim ar a thábhachtaí is atá sé timpeallachtaí cumasúcháin a chur ar fáil le húsáid a bhaint as teangacha DMN agus bhreithnigh siad roinnt tionscnaimh ábhartha atá ar bun i Riaracháin Bhaill CBÉ. Bhreithnigh na hAirí freisin na naisc idir beartas na Luathbhlianta agus sealbhú teanga DMN, ag díriú ar imeacht comhpháirteach a reáchtáladh in 2021.

Plean Oibre Amach Anseo

Phléigh na hAirí freisin an Réamhphlean Oibre a moladh d'earnáil oibre na dTeangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhfhorleathana. D'aontaigh na hAirí gur cheart go leanfadh na hAirí ar aghaidh ag comhoibriú trí CBÉ sa réimse seo, gur cheart go ndíreodh Plean Oibre Theangacha DMN don tréimhse 2023-25 ar thrí théama:

- Úsáid Shóisialta Theangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhfhorleathana;
- Bonneagar Teangeolaíoch; agus
- Cultúr.

Thug na hAirí faoi deara go n-óstálfaidh Rialtas Gheansaí an chéad chruinniú Aireachta eile de chuid Chomhairle na Breataine-na hÉireann do Theangacha Dúchasacha, Mionlaigh agus Neamhfhorleathana.

Rúnaíocht Chomhairle na Breataine-na hÉireann
20 Deireadh Fómhair 2023

Liosta Toscairí Aireachta

Rialtas na hÉireann	Patrick O'Donovan TD, Minister of State for the Gaeltacht
Rialtas Oileán Mhanann	Claire Christian MHK, Political Member for Education, Sport and Culture
Rialtas Gheirsí	Kirsten Morel, Deputy Chief Minister and Minister for Economic Development, Tourism, Sport and Culture
Rialtas na hAlban	Jenny Gilruth MSP, Cabinet Secretary for Education and Skills
Rialtas an RA	Jacob Young MP, Parliamentary Under Secretary of State (Levelling Up)
Rialtas na Breataine Bige	Jeremy Miles MS, Minister for Education and Welsh Language